Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**10632/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0154(NLE)**

**ECOFIN 826**
**UEM 267**
**FIN 897**
***EIB***
***ECB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021**
**maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

1 IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis don Ghearmáin an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur isteach an 28 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021, d’fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme[2] (‘Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021’). Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 14 Feabhra 2023[3], an 8 Nollaig 2023[4], an 16 Iúil 2024[5], an 8 Iúil 2025[6] agus an 20 Eanáir 2026[7].

(2) An 29 Bealtaine 2026, rinne an Ghearmáin iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an nGearmáin.

***Leasuithe atá bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Ghearmáin isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le cúig bheart.

---

[2] Féach doiciméid ST 10158/21 agus ST 10158/21 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

[3] Féach an doiciméad ST 5536/23 INIT ag http://register.consilium.europa.eu.

[4] Féach an doiciméad ST 15572/23 INIT ag http://register.consilium.europa.eu.

[5] Féach doiciméid ST 11674/24, ST 11674/24 COR 1, ST 11674/24 COR 2(sk) agus ST 11674/24 ADD1 ag http://register.consilium.europa.eu.

[6] Féach doiciméid ST 10517/25 agus ST 10517/25 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

[7] Féach doiciméid ST 17026/25 agus ST 17026/25 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) Tá mínithe ag an nGearmáin go bhfuil beart amháin nach féidir a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar infhaighteacht theoranta réiteach teicniúil caighdeánaithe sa mhargadh. Baineann sé sin le beart 1.1.6 (Tacaíocht chónaidhme le haghaidh líonraí teasa éifeachtúla). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an nGearmáin go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(5) Tá mínithe ag an nGearmáin go bhfuil ceithre bheart leasaithe chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme trína bhféadfar an t-ualach riaracháin a laghdú agus Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin le bearta 2.1.1 (Beartas sonraí nuálach don Ghearmáin), 2.2.3 (Ionad Taighde Digiteála agus Teicneolaíochta an Bundeswehr), 6.1.3 (Digiteáil an riaracháin - nuachóiriú na gclár) agus 7.1.3 (Ardán digiteach chun iarrataí ar údarú a phróiseáil don chroí-ghréasán hidrigine). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an nGearmáin go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

*Ceartúcháin ar earráidí cléireachais*

(6) Sainaithníodh dhá earráid chléireachais i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, lena ndéantar difear do dhá chloch mhíle agus sprioc agus do dhá bheart faoi dhá chomhchuid. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach dtagann le hábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 28 Aibreán 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Ghearmáin. Baineann na hearráidí cléireachais sin le sprioc 5 de bheart 1.1.1 (Tionscadail hidrigine faoi chuimsiú IPCEInna) faoi chomhchuid 1.1 (Dícharbónú trí úsáid a bhaint as hidrigin in-athnuaite go háirithe) agus cloch mhíle 41 de bheart 1.2.7 (Na tionscail a bhfuil baint acu le feidhmeanna hidrigine agus breosla-chille san iompar a chur chun cinn) faoi chomhchuid 1.2 (Soghluaisteacht atá neamhdhíobhálach don aeráid). Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

*Measúnú ón gCoimisiún*

(7) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Rannchuidiú leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht*

(8) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le méid arb é atá ann 44,1 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus 48 % de chostas mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU, méid arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide don tréimhse 2021–2030.

(9) An t-aon bheart amháin ar athraíodh an chostáil mheasta ina leith (1.1.6 Tacaíocht chónaidhme le haghaidh líonraí teasa éifeachtúla), níl tionchar suntasach aige ar uaillmhian fhoriomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta maidir leis an aistriú glas. Tá laghdú tagtha ar rannchuidiú aeráide an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe ó 44,9 % go 44,1 % i gcomparáid leis an measúnú leasaithe.

***Aon chritéar measúnaithe eile***

(10) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Ghearmáin chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (da), (db), (f), (g), (h), (i), (j) agus (k), de Rialachán (AE) 2021/241.

***Measúnú dearfach***

(11) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

*Ranníocaíocht airgeadais*

(12) Is é EUR 30 336 828 678 costas iomlána mheasta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Gearmáine. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Ghearmáin, an ranníocaíocht airgeadais arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Gearmáine, ba cheart an ranníocaíocht sin a bheith comhionann le EUR 30 324 665 082. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don Ghearmáin.

(13) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a ionadú go hiomlán.

(14) Tá an Cinneadh seo gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[8] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

*Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Gearmáine ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*

*Leasuithe*

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine.

*Airteagal 3*

*Seolaí*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht Chónaidhme na Gearmáine.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*